CARGHAS 2021

TURAS NA CROISE



Trócaire



Rannpháirtithe: Údar: Colm Hogan, Trócaire. Mary Coogan, Trócaire

Bí cinnte faoi go gcloítear le treoracha Covid-19 sa cheantar sin i rith Thuras na Croise. Bíonn foireann Trócaire ar fáil le comhairle a thabhairt maidir leis an mbealach is sábháilte ina n-úsáidfí an acmhainn, ag glacadh le treoracha an rialtais. Tá acmhainní breise don Charghas, nótaí aithisc, An Soiscéal á Scrúdú leis an Aos Óg, acmhainn don pharóiste agus machnaimh ar fáil anseo.

Tabhair faoi deara nach bhfuil anseo ach radharc amháin ar an tSúdáin Theas. Déan gach iarracht gan steiréitíopaí diúltacha a threisiú ar bhur mbealach tríd an ábhar. Goilleann an choinbhleacht agus an bhochtaineacht ar na teaghlaigh seo, ach ní amhlaidh don uile dhuine a chónaíonn sa tSúdáin Theas. Cuir i gcuimhne do chách nach bhfuil anseo ach gné amháin de shaol na Súdáine Theas. B'inmholta an rud é eilimintí deimhneacha na tíre a lua nuair is féidir. Tá cuid mhaith tír eile in ilchríoch na hAfraice seachas An tSúdáin Theas. Ná cuir síos ar na teaghlaigh seo go gcónaíonn siad san Afraic. Spreag na daoine sa bhaile, sa pharóiste nó ar scoil le gúgláil a dhéanamh ar an tSúdáin Theas agus cúig fhíoras a lorg mar gheall ar an tír, sula gcuirtear tús le gníomhaíocht ar bith. Cuir béim ar ilchineálacht na tíre, agus ar ghnéithe deimhneacha an chultúir. Cuir na fíorais thuas i gcomparáid le fíorais chomhfhreagracha na hÉireann.

Clúdach: (Ón gClé) Ajak lena mac Ngor (8 mí) agus Awut lena gariníon Nyajima (2).
Grianghraf: Achuoth Deng

TURAS NA CROISE A GHUÍ

Léadh an ceannaire agus an léitheoir an t-ábhar seo roimh ré. Is féidir an t-eolas a roinnt leis an ngrúpa má chabhraíonn sé leo.

Is nós traidisiúnta paidreoireachta é Turas na Croise a ghuí i rith an Charghais.

Guímid an phaidir aitheanta seo le bheith in éineacht le hÍosa Críost, an té chuir an turas seo de ag iompar na croise, gléas a bháis, toisc go raibh grá tiomanta aige dúinne. Guímid Turas na Croise toisc gur mhaith linn a bheith mar chairde Chríost agus an grá ollmhór atá aige dúinne a chúiteamh leis.

Cuirimid an t-aistear seo dínn le léargas a bheith againn ar chroí agus ar mheon Chríost, an té atá beo beathach sa lá atá inniu ann, agus a roinneann aistear na croise le gach aon duine dár ndeartháireacha agus dár ndeirfiúracha atá ag fulaingt in áit ar bith ar fud na cruinne. Gabhaimid buíochas agus muid ar an aistear seo. Siúlaimid in éineacht le muintir Awut agus Ajak, na daoine atá le sonrú ar bhosca Trócaire 2021, agus le cách sa tSúdáin Theas.

Thug Turas na Croise an dóchas agus fís na beatha síoraí isteach i nduibheagán an tsaoil. Tugann Turas na Croise deis dúinn láithreacht Chríost inár saol a aithint, agus an tuiscint a bheith ionainn go n-iarrtar orainn an t-aistear a dhéanamh mar phobal muinteartha.

Cuireadh iallach ar na milliúin daoine ón tSúdáin Theas siúlóidí fada a chur díobh, agus iad ag iarraidh éalú ón gcoinbhleacht agus áit shábháilte a sroicheadh i gcampaí na dteifeach a bhí ina dtír féin nó taobh amuigh de. Lorg cuid daoine tearmann i measc mhuintir na sráidbhailte a bhí taobh istigh den tSúdáin Theas díreach mar a rinne muintir Awut agus Ajak. Tá pobal na Súdáine Theas ag iarraidh an cogadh agus an bhochtaineacht a shárú ionas go mbeidh rath orthu féin agus ar a muintir.

‘Ní gníomh carthanachta é an bhochtaineacht a shárú, is gníomh an cheartais é. Is rud mínádúrtha í an bhochtaineacht, ar nós na sclábhaíochta agus na cinedheighilte. Chruthaigh an duine na staideanna seo, agus is féidir leis an duine iad a shárú agus a dhíothú, má tá an cur chuige

ionainn. Anois is arís iarrtar ar ghlúin amháin daoine an t-éacht a dhéanamh. Is féidir libhse a bheith mar an ghlúin éachtach. Bíodh rath ar bhur n-iarrachtaí éachtacha.

Nelson Mandela

Tá teorainn ag Uganda leis an tSúdáin Theas. Ghlacadar leis na céadta mílte dídeanaí ón tSúdáin Theas de bharr an chogaidh. Tá go leor ceannairí eaglasta ó Uganda ar nós an Ardeaspaig Odama ag guí go tréan ar son na síochána sa tSúdáin Theas.

Nuair a bhíonn tú ag guí, déan na gnéithe éagsúla den aistear a aithint i do shaol féin. Bí ag smaoineamh ar do mhuintir mhuirneach féin, ar na comharsana agus ar chomhluadar an phobail. Bíodh páirt acu san i do chuid urnaí, agus tú ag smaoineamh ar na daoine sin a fhulaingíonn cuid de pháis Íosa Críost ina saol féin ag an am seo.

Tabhair faoi deara go roinneann tusa aistear na beatha le daoine i mbaile is i gcéin. Bí ag smaoineamh ar Awut agus Ajak agus ar na teaghlaigh a luaitear i bhfeachtas Trócaire an Charghais seo atá ag fulaingt ón gcoinbhleacht, ón eagla agus ón ocras.

Chuir Íosa Críost turas na Croise de féin ar mhaithe le pobal iomlán na cruinne. Caithfimid féin a bheith i ndlúthpháirtíocht leis an saol.

An tArdeaspag John Baptist Odama ó Ard-deoise Caitliceach Rómhánach Gulu in Uganda. Grianghraf: Mark Stedman

Más tusa an ceannaire a threoraíonn an pobal, siúil ar aghaidh ar luas réasúnta, agus bíodh sos beag i ndiaidh an léimh, roimh an phaidir.

Réamhrá

Ceannaire: Cruinnímid lena chéile mar dheartháireacha agus deirfiúracha in Íosa Críost, agus cuirimid tús lenár nguí in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid.

Cách: Amen.

Ceannaire: Cruinnímid lena chéile i rith an Charghais le turas Íosa chun Chalvaire a chur dínn. Cruinnímid lena chéile mar dhaoine aonaracha a thuigeann go mbaineann achrann lenár saol féin, agus go dtugtar dúshláin dúinn. Cruinnímid lena chéile mar phobal an chreidimh, agus mar bhaill den chine daonna, le comhbhá a léiriú i leith na ndaoine a fhulaingíonn ón gcéasadh in aghaidh an lae.

Tuigimid go maith go siúlann daoine ar fud na cruinne Turas na Croise

gach lá. Siúlaimid go grámhar ionas gur féidir linn fulaingt na ndaoine sa choinbhleacht a roinnt, agus deacrachtaí na ndaoine atá i mbaol a roinnt chomh maith. Guímid ar son na síochána sa tSúdáin Theas agus ar son na síochána inár saol féin agus i measc ár muintire féin.

Léitheoir: I mbliana, siúlaimid turas Íosa i ndlúthpháirtíocht leis an bpobal sa tSúdáin Theas. Tá pobal na Súdáine Theas ag guí go himpíoch ar son na síochána. Siúlaimid le Awut agus Ajak agus leis na teaghlaigh a díbríodh de bharr na coinbhleachta, agus a fhulaingíonn an Turas na Croise dóibh féin sa lá atá inniu ann.

Ceannaire: A Íosa ár mbráthair, múscail an chomhbhá ionainn dóibh siúd a chuireann Turas na Croise díobh féin gach lá. Líon ár gcroí le do ghrá. Taispeáin dúinn conas mar is féidir linn glacadh go fáilteach le gach atá ar domhan, agus ríocht Dé, ríocht na trócaire, an chirt is an ghrá a mhéadú, ionas go gcuirfear na buntáistí agus na cearta sin ar fáil do chách.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún I

Léitheoir: Íosa á dhaoradh chun báis.

Is rud marfach don dóchas é an cáineadh. Is féidir linn scrios a dhéanamh ar shaol an duine eile i bhfocal nó i ngníomh. Loitimid a gcuid dóchais.

Smaoinímid anois orthu agus guímid ar son ár muintir féin agus pobal an pharóiste a gortaíodh toisc nár cuimsíodh iad inar saol. Guímid go mbeidh sé de mhisneach againn an chabhair a lorg nuair a bheidh gá againn leis, agus go síneoimid an lámh chúnta chuig na daoine uireasacha.

Spreagann scéal Awut agus Ajak muid. Chabhraigh siad lena chéile in am an ghátair.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, cabhraigh linn smaoineamh go caoin ar an duine a cháinimid tríd an meon a léirímid, nó trínár gcuid gníomhartha.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún II

Léitheoir: Íosa ag iompar na croise.

Glacann Íosa leis na rudaí nach féidir leis iad a athrú. Caithfidh daoine ar fud na cruinne glacadh leis an ocras, leis an fhoréigean, le dálaí bochta maireachtála, toisc go gceaptar nach féidir iad a fheabhsú. Tá ráta an fhoréigin teaghlaigh ardaithe in Éirinn le

(Ón gClé) Ajak agus Awut sa bhaile i Malek, An tSúdáin Theas. Grianghraf: Achuoth Deng

Ajak lena páistí Yomjima (11), Pawany (7), Majak (4), Chiech (6), Malong (14) agus Ngor (8 mí). Grianghraf: Achuoth Deng

bliain anuas. Sa tSúdáin Theas, bíonn Trócaire ag comhoibriú lena bpáirtithe CAFOD san eagras ar a dtugtar Comhpháirtíocht CAFOD & Trócaire (CTP).

De bharr thorthaí an athraithe aeráide cuireadh le fadhbanna na dtuilte sa tSúdáin Theas. Rinne páirtithe Trócaire dáileadh éigeandála bia a chabhraigh le míle teaghlach a chothú, trí fhlaithiúlacht mhuintir na hÉireann, agus i gcomhpháirtíocht le heagrais eile. Bíonn Trócaire agus a chomhpháirtithe ag obair i gcónaí ar son chearta aeráide in Éirinn agus thar lear.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, deonaigh go mbeidh sé de mhisneach againn labhairt amach in aghaidh na héagóra a bhíonn á imirt ar dhaoine eile, agus iarracht a dhéanamh a mhalairt a chur i bhfeidhm más féidir.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún III

Léitheoir: An chéad titim faoin gcrois.

Titeann Íosa faoi ualach na croise. Fulaingíonn go leor daoine ó ualach na mbillí nach féidir a íoc, ó na fiacha baile nach mbíonn seasamh acu leo. Tá ualach mór ar mhuintir na Súdáine Theas ó thaobh amhras a bheith orthu faoin todhchaí, agus faoi scaipeadh na

coinbhleachta. Chuir paindéim Covid-19 isteach go mór ar mhuintir na hÉireann agus pobal an domhain i rith na bliana seo caite.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, tabhair spreagadh dúinn ár gcuid ama agus pé chumhacht atá againn a roinnt leis na daoine atá in am an ghátair, agus deonaigh go mbeimid fial flaithiúil i gcónaí leo.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún V

Léitheoir: Teagmháil Íosa lena mháthair.

Cad a cheap Muire faoi staid Íosa? Tá sé faoi ualach, é teanntaithe ag na gardaí. Cé nach féidir léi an t-ualach a bhaint de, is féidir léi tacaíocht a léiriú. Caithfidh gurbh ábhar dóchais agus nirt d'Íosa é, í a bheith i láthair.

Ní bhíonn deiseanna an tsaoil ar fáil ag mná agus ag cailíní na Súdáine Theas. Bíonn foréigean agus drochíde atá bunaithe ar ghnéas le fulaingt acu. Bíonn sé deacair do na cailíní scolaíocht a fháil. Bíonn Trócaire agus na comhpháirtithe ag obair leis na mná is na cailíní leochaileacha a chosaint, agus iad ag cur traenáil ar fáil a chuireann cearta na mban chun tosaigh.

Ceannaire: A Íosa ár gcara, cuimhnímid ar Awut agus Ajak agus ar na máithreacha is na seanmháithreacha sa tSúdáin Theas agus ar fud na cruinne, beo nó marbh. Gabhaimid buíochas le Dia as tíolacadh an mháithreachais.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún IV

Léitheoir: Síomón Cuiréanach ag tabhairt cabhair d'Íosa an chrois a iompar.

Oibríonn Trócaire agus CAFOD leis na pobail a bhíonn ag streachailt leis an saol. Cabhraíonn siad leo an t-ualach a iompar. Bronnann siad an dóchas orthu go mbeidh an dínit i ndán dóibh. Is minic go mbíonn cabhair ag teastáil uainn le haghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí an tsaoil. Bronn an misneach orainn cabhair a lorg nó a bhronnadh de réir mar is gá a leithéid.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, bímis mar dhaoine deonacha a shaothraíonn an ceart trínár nguí agus trí bheith flaithiúil.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún VI

Léitheoir: Veronica ag glanadh aghaidh Íosa.

Tá an chomhbhá agus an cineáltas go mór le sonrú i ngníomh Veronica. Tá sé de dhualgas orainne mar lucht leanta Íosa, comhbhá a léiriú, agus cabhair phraiticiúil a chur ar fáil do dhaoine eile.

Tá an chomhbhá go mór le sonrú i

Garphaistí Awut Nyajima (2) agus Nyibak (5) leis na hainmhithe feirme. Grianghraf: Achuoth Deng

gcairdeas Awut agus Ajak, agus sa tacaíocht a thugann páirtithe Trócaire. Comhlíonann páirtithe Trócaire a ndualgas trí chabhair phraiticiúil agus tacaíocht chomhairlithe a chur ar fáil don phobal díláithrithe ar bhain tráma na coinbhleachta dóibh.

Ceannaire: A Íosa, bí trócaireach, comhbhách linne ar aistear an tsaoil.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún VII

Léitheoir: An dara titim faoin gcrois.

Bíonn sé deacair éirí tar éis titim dúinn. Bíonn sé níos deacra fós éirí den dara huair. Bítear anuas ar dhaoine áirithe nuair a dhéanann siad iarracht éirí.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, tabhair dóchas tar éis titim dúinn. Bíodh an tabhairt faoi deara ionainn an duine a bhíonn thíos leis a aithint. Bíodh an chrógacht ionainn an lámh chúnta a shíneadh chuig an duine eile, agus dlúthpháirtíocht a léiriú i leith an té a bhíonn thíos leis. Léiríonn Awut agus Ajak, agus go leor eile mar iad sa tSúdáin Theas, an cairdeas agus an dlúthpháirtíocht in aghaidh na ndúshlán mór.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún VIII

Léitheoir: Mná larúsailéim ag caoineadh Íosa.

Bíonn an teacht aniar agus an neart in aghaidh na héagóra go mór le sonrú i measc mhná na hÉireann, na Súdáine Theas, i mná ar fud an domhain. Tuigeann Íosa a cás, agus tacaíonn sé leo.

Samplaí lonracha iad Awut agus Ajak de mhná atá lán den bhuanseasmhacht, den dlúthpháirtíocht, den mhisneach. Tacaíonn siad lena chéile in am an chruacháis. Tháinig Awut agus Ajak agus a muintir le chéile in aghaidh na ndúshlán a chruthaigh an phaindéim Covid-19 dóibh. Deonaigh go mbeidh an misneach agus an fhlaithiúlacht a léiríonn siad dá chéile mar inspioráid dúinne ar aistear an tsaoil. Sa Charghas, am na buanseasmhachta, ceanglaímid le mná an domhain, trínár gcuid urnaí.

Ceannaire: A Íosa, cabhraigh le mná an domhain gach éagóir ina saol a shárú.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún IX

Léitheoir: Íosa ag titim an treas uair.

Baintear a gcuid tailte nó a gcuid dídean de dhaoine áirithe nach mbíonn locht ar bith orthu. Is deacair dóibh seasamh ar a mboinn féin arís in aghaidh na rialtas éagórach, in aghaidh an chogaidh, de bharr ocras, nó athrú aeráide, nó tubaistí nádúrtha. Múineann Íosa dúinn anseo go gcaithfear éirí agus leanúint ar aghaidh.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, deonaigh go dtuigfimid an gortú agus an t-éadóchas a bhaineann leis an bpobal díshealbhaithe. Cabhraigh linn an lámh chúnta a shíneadh chucu, rud a chabhródh leo bheith ar a mboinn féin arís.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún X

Léitheoir: A chuid éadaigh á bhaint d'Íosa.

Tá daoine gan dídean agus imircigh in Éirinn a d'fhulaing ón díláithriú.

Baineadh an dínit díobh. Tharla an rud céanna do go leor teaghlaigh agus pobail sa tSúdáin Theas. Chailleadar a gcuid sealúchais ar fad. Bhí orthu áit shlán a lorg i measc phobal eile agus tosú ar shaol úr a chaitheamh leo. Fágtar daoine ar an ngannchuid de bharr an athraithe aeráide agus de bharr na coinbhleachta. Tugann scéalta Awut agus Ajak agus a muintir léargas dúinn ar thionchar na coinbhleachta ar na teaghlaigh a theitheann ón gcogadh agus a fhágann gach rud ina ndiaidh, ar son na sábháilteachta. Léiríonn na teaghlaigh agus na pobail seo ón tSúdáin Theas a d'fhulaing ón gcogadh is ón díláithriú, neart agus teacht aniar iontach ina measc. Cé go gcónaíonn siad i bhfad uainn, roinneann siad an taithí sin leis na teaghlaigh anseo a throideann leis an todhchaí a chosaint ar son na bpáistí agus ar son na ngarpháistí.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, tuigeann tusa go maith conas mar a bhaintear an dínit de dhaoine. Deonaigh go mbeimid sásta gníomhú ar son na ndaoine sin atá ag troid go láidir leis an todhchaí a chosaint dóibh féin agus dá

muintir.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún XI

Léitheoir: Íosa á thairneáil ar an gcrois.

B'eachtra bhrúidiúil é Íosa a thairneáil ar an gcrois. Rinneadh é toisc gur thug Íosa dúshlán an status quo, toisc nár theastaigh ó dhaoine áirithe go mbeadh sé ar an saol a thuilleadh. Fulaingíonn Íosa ar ár son, le go slánófaí sinn.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, deonaigh go dtuigfimid go bhfuil daoine áirithe á gcéasadh toisc go dtugann siad dúshlán an tsaoil shómhair rachmasach a bhíonn againn agus an stádas a bhaineann leis. Beannaigh cách a labhraíonn amach ar son na fírinne, agus beannaigh iadsan ach go háirithe a chosnaíonn cearta an duine ar fud an tsaoil.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún XII

Léitheoir: Íosa ag fáil bháis ar an gcrois.

(Nóta don Léitheoir: fág amach an sliocht sa chló oráiste thíos má bhíonn páistí i láthair.)

Maraíodh Íosa toisc gur labhair sé amach ar son na fírinne agus an chirt. Chreid sé gurbh é an chloch is mó ar phaidrín Dé iad na daoine a chuirtear ar imeall na sochaí. Is gníomh athmhuintearais iomlán é a bhás.

Thug an tAthair James Oyet Latansio, Ard-Rúnaí Chomhairle Eaglaisí na Súdáine Theas, páirtí áitiúil Trócaire, faoi deara gur fágadh go leor corp i lár na sráide taobh amuigh dá oifig. Tugann sé eachtra amháin ach go háirithe a tharla taobh amuigh chun cuimhne:

'Bhí orm tiomáint ar imeall an bhóthair leis na coirp a sheachaint. Bhí breis agus caoga corp ar an mbóthar. Tá an radharc im' cheann i gcónaí. Feicim go fóill é. Cuireann sé as go mór díom.'

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, tabhair ár ndúshlán faoin mbealach ina mairimid. Bímis aireach ar an mhuintir atá ag éirí níos boichte, agus orthusan a ndéantar eisiamh breise ón tsochaí orthu.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún XIII

Léitheoir: Íosa á thógáil anuas den chrois.

Baineadh corp Íosa den chrois, agus rug a chairde leo é. Ón uair a bhris an cogadh cathartha amach sa tSúdáin Theas i rith mhí na Nollag 2013 meastar gur maraíodh 400,000 duine. Nuair a

mharaítear daoine de bharr an chogaidh agus de bharr an fhoréigin sa tSúdáin Theas, ní bhíonn deis ag an mhuintir ná ag na cairde na coirp a chaoineadh. Ní raibh deis ag muintir na hÉireann na marbháin a chaoineadh mar ba ghnáth anuraidh de bharr shrianta Covid-19.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, deonaigh go mbeidh gach aon mheas againn ar an mbeatha a bhronn tú orainn.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún XIV

Léitheoir: Íosa á chur san uaigh.

Ba dhóigh lena chairde gur deireadh ré a bhí ann nuair a cuireadh Íosa sa tuama. An raibh dóchas ar bith i measc na ndeisceabal? Sa tSúdáin Theas agus in áiteanna eile ar domhan, bíonn an pobal ag iarraidh greim a choinneáil ar an dóchas de bharr na ndúshlán a chuireann an choinbhleacht, an t-ocras, an t-athrú aeráide agus Covid-19 rompu. Cuimhnímid ar Awut agus Ajak agus ar a muintir i rith fheachtas an Charghais, agus ar dhaoine eile atá cosúil leo in áiteanna eile ar domhan. Deir an tAthair James ó Chomhairle Eaglaisí na Súdáine Theas:

'Le Covid-19 mar atá, déanaim gach iarracht an dóchas a thabhairt do phobal na Súdáine Theas. Caithfear leanúint ar aghaidh go dóchasach. Mar atá i litir Naomh Pól chuig na Corantaigh (13:3), tá trí nithe ann a bheidh buan; an



An tAthair James Oyet Latansio, Ard-Rúnaí SSCC. Grianghraf: Comhairle Eaglaisí na Súdáine Theas

creideamh, an dóchas is an grá. Is é an ceann is mó acusan ná an grá. Déanaim iarracht an teachtaireacht seo ó Naomh Pól a chur i bhfeidhm orthu. Bíodh creideamh láidir iontu, bíodh an dóchas go láidir iontu, bíodh grá mór acu, agus leanaidís ar aghaidh. Tá lá mór i ndán don tSúdáin Theas go fóill. Deirim a leithéid leo.'

Ceannaire: A Íosa ár mbráthair, bí in éineacht linn má chaillimid an dóchas. Bíonn an dóchas uainn le troid in aghaidh phaindéim Covid-19 agus le cabhrú leis an duine eile. Cabhraigh linn comhoibriú le Trócaire agus leis na heagrais pháirteacha a thugann an dóchas is an dlúthpháirtíocht don mhuintir atá gan dóchas. Roinnimis an dóchas le teaghlaigh an pharóiste. Go mbeidh ar chumas muintir na Súdáine Theas maireachtáil go dóchasach síochánta lena chéile de bharr an nirt agus an teacht aniar atá iontu.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Machnamh Deiridh

Léitheoir: Shiúlamar turas Íosa chun na croise in éineacht lena chéile. Bíonn éadóchas orainn nuair a chuirtear Íosa sa tuama. Múineann an creideamh dúinn nach é seo an deireadh, áfach. Bímid dóchasach as gur éirigh Íosa ó na mairbh, agus gur chuir Dia claochlú ar ár saol féin dá bharr. Ní bheidh an bua ag an dorchacht, an eagla ná an éagóir. A Íosa Críost, ár ndeartháir is ár slánaitheoir, beir barróg ghrámhar orainn agus cabhraigh linn sa choimhlint.

uir i gcuimhne dúinn go mbíonn deacrachtaí móra le sárú ag na daoine leochaileacha gátaracha ar domhan. Bronn an misneach orainn labhairt amach agus obair ar son an cheartais, mar a rinne tusa. Cuirimid ár nguí i d'ainm trí Chríost ár dTiarna.

Cách: *Amen.*

Ceannaire: Deir an Pápa Proinsias linn sa litir thréadach nua *Fratelli Tutti* gur den aon chlann amháin muid, d'ainneoin na bearnaí a bhíonn eadrainne. Imímis ón áit seo mar chlann an aiséirí, agus roinnimis an dóchas le cách atá éadóchasach. Roinnimis ár gcumhacht agus ár bhflaithiúlacht le Awut agus Ajak agus leis na mílte teaghlach atá i mbaol, ionas nach gcaillfidh siad an bheatha, na tithe nó an sealúchas de bharr an chogaidh nó de bharr na coinbhleachta sa tSúdáin Theas ach go háirithe. Roinnimis ár gcuid tacaíochta leis an mhuintir a shiúlann Turas na Croise gach lá dá saol.

Deir an tAthair James ó Chomhairle Eaglaisí na Súdáine Theas an méid seo leis an aicme sin in Éirinn a thacaíonn le hobair Trócaire trí ghuí agus trí bhronnadh go flaithiúil orthu:

'Míle buíochas as gach a ndéanann sibh le cur leis an tsíocháin, an cneasú, an t-athmhuintearas agus an maithiúnas tríd an tacaíocht a thugann sibh agus an abhcóideacht a dhéanann sibh. Is féidir libh brath ar mo bhuíochas agus ar mo chuid urnaí.'

Iarrann an Ceannaire beannacht Dé ar chách agus gearrann fíor na croise uirthi/air féin, ag rá:

Ceannaire: Go gcumhdaí agus go mbeannaí Dia uilechumhachtach trócaireach muid, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh.

Cách: *Amen.*

'Ná fágaigí An tSúdáin Theas fúinn féin. Bígí in éineacht linn ag lorg na síochána. Tacaígí linn leis na paidreacha. Beirigí greim láimhe orainn.'

An tAthair James

Tá breis acmhainní, nótaí aithisc, An Soiscéal á Scrúdú leis an Aos Óg, Turas na Croise, machnaimh, grianghraif agus físeáin ar fáil anseo

Join us on:

Facebook: facebook.com/trocaireireland
– ceangail linn

Twitter: twitter.com/trocaire
– na tvuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire
– tacaíonn sibh leis na daoine seo

Vimeo: vimeo.com/trocaire
– féach ar na físeáin

Instagram: instagram.com/trocaireonline
– físeáin agus grianghraif

Bí linn ar:

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: colm.hogan@trocaire.org

Trócaire, 50 Sr. an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Trócaire, 9 Sr. an Chócaigh,
Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

www.trocaire.org

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tActh um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

Trócaire

TAG: CH4